## Cé hiad an lucht éisteachta agus féachana?

# Ceacht 6



## An bhrí le ‘bonn tuisceana’ a thuiscint

| | |
|---|---|
| **Cuspóir Foghlama** | Ba chóir go mbeadh na leanaí in ann a thuiscint cad is brí le ‘bonn tuisceana’. |
| **Toradh Foghlama** | A thuiscint cad is bonn tuisceana ann. Na boinn tuisceana a aithint a úsáidtear chun fógra a dhéanamh le haghaidh bréagán ar leith agus boinn tuisceana eile a ainmniú a dhéanann na meáin chumarsáide. |
| **Nótaí na Mhúinteora** | Cruthaítear meáin chumarsáide chun teachtaireacht áirithe a chur ina luí ar lucht féachana nó éisteacha. Déanann cruthaitheoirí na meán a lán taighde ar cad a thaitníonn le luchtanna féachana agus éisteachta éagsúla, cén chuma atá ar ghrúpa áirithe agus conas a iompraíonn na daoine sa ghrúpa sin é féin. Glacann siad le boinn tuisceana a d’fhéadfadh a bheith réadúil nó uaireanta nach bhfuil réadúil. Is éard is bonn tuisceana ann rud éigin a nglactar leis go coiteann a bheith fíor, fiú amháin gan aon chruthúnas. |
| **Acmhainní** | • Gníomhaíocht 6.1<br>• An físeán *Cé hiad an lucht féachana nó éisteachta?*<br>• An ghníomhaíocht idirghníomhach *Bréagáin Duitse* |
| **Modheolaíocht** | • Caint agus plé: Boinn Tuisceana; Boinn Tuisceana san Fhógraíocht<br>• Comharfhoghlaim – Boinn Tuisceana san Fhógraíocht<br>• Scileanna trí mheán an ábhair – An físeán *Cé hiad na Lucht Féachana nó Éisteachta?* |



## Cé hiad an lucht éisteachta agus féachana?

# Ceacht 6

## Cur Chuige

**Céim 1: Boinn Tuisceana**

- Inis do na leanaí gurb é is bonn tuisceana ann rud éigin a nglactar leis a bheith fíor, fiú amháin gan aon chruthúnas.
- Abair leis na leanaí go bhfuil tú chun roinnt samplaí a thabhairt dóibh de bhoinn tuisceana:
  - Beidh an scoil ar oscailt gach lá.
  - Déanfaimid roinnt léitheoireachta agus scríbhneoireachta gach lá.
  - Íosfaimid rud éigin ag am lóin.
  - Beimid ag súgradh ag am súgartha.
  - Rachaimid abhaile nuair a bheidh an scoil críochnaithe.
- Iarr ar na leanaí an féidir leo machnamh ar aon bhonn tuisceana eile.

**Céim 2: Boinn Tuisceana san Fhógraíocht**

- Mínigh do na leanaí go nglacann fógróirí le boinn tuisceana maidir le daoine a bhíonn ag breathnú ar a bhfógraí,
- Bíonn fógróirí ag glacadh le boinn tuisceana faoi bhréagáin éagsúla a thaitneodh le buachaillí nó le cailíní.
- Glacann siad leis go mbíonn buachaillí ag súgradh le cineálacha áirithe bréagán agus cailíní ag súgradh le cineálacha eile.
- Fiafraigh de na leanaí an dóigh leo go n-imríonn gach buachaill leis na cineálacha céanna bréagán?
- Fiafraigh de na leanaí an dóigh leo go n-imríonn gach cailín leis na cineálacha céanna bréagán?
- Abair leis na leanaí go bhfuil siad chun breathnú ar roinnt íomhánna d'fhógraí le haghaidh bréagán – An ghníomhaíocht idirghníomhach *Bréagáin Duitse*.
- Taispeáin roinnt samplaí dóibh d'fhógraí do bhréagáin.
- Cuir na ceisteanna seo a leanas orthu faoi gach fógra:
  - Cad is aois don leanbh san fhógra, dar leo?
  - Cé air nó uirthi a bhfuil an táirge san fhógra dírithe, dar leo?
  - An dóigh leo go dtaitneodh an táirge leis an lucht féachana?
  - An bhfuil an fógra seo dírithe ar bhuachaillí nó ar chailíní? Conas a thuigfeá sin?
  - An maith leo an bréagán san fhógra? Mura maith leo é, cén fáth?
  - An dóigh leo go dtaitneodh an táirge leis na leanaí san fhógra nó go mbainfidís úsáid as i ndáiríre?




**Ghníomhaíocht Idirghníomhach**


# Ceacht 6



## Cur Chuige ar lean

**Céim 3: An Loighic is Bun le Fógraí**

- Inis do na leanaí gur minic a chuireann cruthaitheoirí fógraí leanaí níos sine sna fógraí, ag súgradh le bréagáin do leanaí níos óige. Spreagann sé sin leanaí níos óige a bhrath go bhfuil bréagáin níos ‘faiseanta’.
- Mínigh do na leanaí go gcuireann cruthaitheoirí fógraí buachaillí i bhfógra ag súgradh le bréagán más dóigh leo go bhfuil sé níos dóichí gur mhaith le buachaillí súgradh leis an mbréagán áirithe sin.
- Ar an gcaoi chéanna, bheadh cailín i bhfógra sa chás go gceapfaidís gur mhaith le cailín súgradh leis an mbréagán sin.
- Mínigh do na leanaí gur chóir do bhuachaillí súgradh le pé bréagán is mian leo agus gur chóir do chailíní súgradh le pé bréagán is mian leosan freisin. Bíonn a thuairim féin ag gach duine faoi cad is mian leo a dhéanamh.
- Fiafraigh de na leanaí cén chuma a bheadh ar leagan eile d’fhógra don táirge céanna – b’fhéidir leanaí níos óige a bheith san fhógra, nó buachaillí agus cailíní ag súgradh lena chéile?
- Bain úsáid as Gníomhaíocht 6.1 agus is féidir leis na leanaí fógra a tharraingt de leanaí a bheadh ag súgradh leis an mbréagán sin i ndáiríre.
- Tar éis dóibh an ghníomhaíocht a chur i gcrích iarr ar na leanaí ar mhaith leo a gcuid oibre a roinnt leis an gcuid eile den rang agus a mhíniú cén fáth ar roghnaigh siad na leanaí áirithe sin le bheith ag súgradh leis na bréagáin.




**Gníomhaíocht 6.1**

**Céim 4: An físeán *Cé hiad an lucht féachana agus Éisteachta?***

- Abair leis na leanaí go bhfuil siad chun breathnú ar fhíseán gearr mar gheall ar an bhfógraíocht.
- Seinm an físeán *Cé hiad an lucht féachana agus éisteachta?* atá ar fáil ar shuíomh gréasáin MediaWise, www.MediaWise.ie
- Nuair a shroicheann an físeán an chuid “Glacann siad le boinn tuisceana ar féidir iad a bheith réadúil nó míréadúil” agus cuir an físeán ar sos agus cuir i gcuimhne do na leanaí cad is bonn tuisceana ann.
- Iarr ar na leanaí sampla a thabhairt duit de cad is bonn tuisceana ann.
- Tar éis an fhíseáin, iarr ar na leanaí ar fhoghlaim siad aon rud faoi bhoinn tuisceana a nglacann na meáin chumarsáide leo nó a bhíonn in úsáid san fhógraíocht.
- Mínigh do na leanaí go nglacann fógróirí le boinn tuisceana ar féidir iad a bheith mícheart, agus gur chóir do gach leanbh a rogha féin a dhéanamh cén bréagán a ndéanfaidh sé nó sí súgradh leis.




**Físeán**